



An Ghaeilge go mór faoi chois ag an stát, in úsáid go sóisialta ag pobal faoi bhrat, an Chumáinín Chluain Ard ar Bhóthar na bhFál, faoi rún is go ciúin ar feadh seil;



"Ach níl sé innharthana", arsa na Gaeilgeoirí cróga, "Nach bhfuil an Ghaeilge le feiceáil ar oiread is fógra, is nach bhfuil sí le cluinsint á spalpadh amach, In áiteanna poiblí sa stát Oiristeach."



"Is gá dúinn rud éigin a dhéanamh, mar sin, Chun an fód a sheasamh ar son ár dteanga bhinn, Agus a todtchái a chinntiú do na glúnta atá le teacht, Rud éigin mór agus claochlaitheach."



Is ar Bhóthar Seoiige a cheannaigh siad talamh, Áit ar thóg siad tithe le brici, suimint agus fuair siad lasacht ar threalamh, Agus d'ainneoin na n-íarrachtaí na teaghlai seo a stopadh, Lean siad orthu agus faoi dheireadh bhí Gaeltacht acu;



Gaeltacht bheag úrbeach a thosaigh le cúig theacht, I gceantar beag ar imeall na cathrach, Gaeltacht Bhóthar Seoiige an t-ainm a tugadh di, Nuair a bunaíodh i sa bhliain 1969.




Agus cé go raibh Gaeilge ag na teaghlai ar fad; Leis an Bhearla thart timpeall orthu, gan staonadh gan stad, Nuair a bhí na páistí in aois na scoilaochta, bhí cinneadh le glacadh, Maidir leis an roga is fearr oideachais do theanga s'acú.



Ach níorbh ann do Ghaelscoil sa tuaisceart ag an am, "Cá mbeidh muid ag dul ar scoil ar an bhliain seo chugainn, a Mham?" "Ba mhaith linn go mbeidh Gaeilge againn sa teach agus scoil araon, Direach mar a rinne muid leis an Gaeltacht, tógfaidh muid ár gceann féin."



Agus sin go díreach an rud a rinne siad arís, Ag glacadh seilbhe ar a dtodhcaí le díograis agus fis, Agus rugadh Bunscoil Phobal Feirste sa bhliain 1971, I mótháin bheaga ar chúil tithe na dteaghlach féin.



An Roinn Oideachais

Easpa maoinithe, aitheantais agus tacaíochta ón tús, Ón Roinn Oideachais agus ón stát mar nár thuig siad an chúis, Cos ar bolg agus leatrom mar fhreagra náidúrtha ag an am sin, Ar an teanga agus ar an phobal a labhair i freisin.



B'íad na tuismitheoirí agus na múinteoirí a choinnígh i ag dul, Ag tionsú airgid agus ag ceannach áiseanna bunúsacha don scoil, Leabhair, cathaireacha, tablaí agus pinn luaidhe, Rudai a bhí ag gach scoil Bhearla cheana féin ó thuaidh.



Iocadh na múinteoirí nuair a bhí go leor airgid ann, Chuntas siad na pingíní, ceann ar cheann, Ansin thosaigh na bunaitheoirí ag dul i bhfeidhm ar a gcairde, "Ó shiolta beaga a fhásann an crann is airde."



Chonacthas, mar sin go raibh seo indéanta agus rathúil, Agus go dtodhcaí le daoine amhlaidh a dhéanamh ina gceantair áitiúil, Agus sin an rud a tharla sa bhliain 1984, Bunaíodh Gaelscoil na bhFál, an dara bunscoil lán Ghaeilge sa chathair.



An Roinn Oideachais

Agus sa bhliain chéanna i ndiaidh thréimhse dheceair agus fhadálach, Más mall is mithid, bhain Bunscoil Phobal Feirste aitheantais oifigiúil amach, Ó na húdairis céanna a rinne neamhaird úirthe ón chéad tá, Céim stairiúil agus shuntasach, d'fhéadfá a rá.



Coláiste Feirste 1991

Ach leis an Gaeilgeoilocht ag dul ó neart go neart, Aithníodh nach raibh meánscóil lán-Ghaeilge ar bith sa tuaisceart, Mar sin le freastal ar na bunscoileanna a bhí sa chathair cheana féin, Bunaíodh Coláiste Feirste sa bhliain 1991.



I gCultúrann Mac Adam Ó Fiaich a thosaigh an scoil amach, Anois tá muid ag cur oideachais ar bhreis agus 7,000 dalta, Bliain i ndiaidh bliana, bhí líon na ndaltaí ag fás, Chomh gasta sin go raibh siad ag rith amach as spás.



Coláiste Feirste, Teach Ard na bhFeá

O shin i leith, tá an scoil suite i dTeach Ard na bhFeá, Áit a gcothaítear meas, tuiscint agus grá, Don teanga, don phobal agus do na glúnta a tháinig romhainn, Ina measc muintir Mhic Sheáin, Uí Bruadair, Uí Mhionacháin agus Mhic Póitín.



Bunscoil Phobal Feirste, 2021

Sheas siad an fód agus chuir siad an siol, Agus ag an am, i bhfirinne, is beag duine a shíl, Go mbeifeadh an earráil amach caoga bliain ar an fhód, Agus go mbeadh muid in ann féachaint siar le grá agus bród.



An Lá Dearg, 2022

Agus nuair a smaoinimid ar na laethanta atá fós le teacht, Ba cheart go mbeadh muid iomlán minúineach, Go leanfaidh muid orainn ag forbairt agus ag fás, Agus nuair atá dúshlán le tabhairt, go ndéanfaidh muid ár gcás.



An Ghaelscoiláocht abú!

Mar earráil, shíl daoine nárbh fhíú muid agus nach mbeadh muid ábalta, Anois tá muid ag cur oideachais ar bhreis agus 7,000 dalta, Bunscoileanna, meánscóileanna agus naiscoileanna fú, Tá teachtaireacht againn daoibh - An Ghaelscoiláocht abú!



Tá neart bainte amach ach bealach fada le dul, ag an athbheochan pobal-bunaithe seo a thosaigh le scoil, Agus le pobal a bhí ag íarradh an teanga a chur ar aghaidh, Deirimis mar a dúirt stad; "Ná habairt é, déan é!"